# Príomhthorthaí Thuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn san AE 2015


## Réamhrá

Tugtar forbhreathnú cuimsitheach i dTuarascáil Bhliantúil EASO 2015 ar líon agus ar chineál na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i ngach ceann de 28 mBallstát an AE, chomh maith leis an Iorua agus an Eilvéis (an AE+). Déantar scrúdú inti ar threochtaí tearmainn, lena n-áirítear na príomhdhúshláin agus na príomhfhreagairtí i rith na bliana, mórfhorbairtí institiúideacha agus dlíthiúla agus tugtar forbhreathnú ar fheidhmiú praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS). Chuir Ballstáit leis an tuarascáil mar aon le hOifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), an tsochaí shibhialta, speisialtóirí san fhaisnéis agus oifigigh allamuigh.

## Príomhphointí na tuarascála

- Rinneadh beagnach 1.4 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta san AE+ sa bhliain 2015 – an líon is airde iarratas ón uair a bailíodh sonraí ar leibhéal AE den chéad uair sa bhliain 2008.
- Ba ó shaoránaigh as an tSiria, as tíortha na mBalcán Thiar trí chéile, agus as an Afganastáin a tháinig an líon is airde iarratas ar thearmann. Ba iad an Ghearmáin, an Ungáir, an tSualainn, an Ostair agus an Iodáil na príomhthíortha glactha.
- Bhí níos mó na milliún duine ag fanacht ag deireadh 2015 ar chinneadh maidir lena n-iarratais ar chosaint idirnáisiúnta san AE+. Bhí dúbailt ar líon na n-iarratas ar feitheamh i gcomparáid leis an mbliain 2014.
- Is í an ghéarchéim sa tSiria i gcónaí atá taobh thiar de líon mór de na hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta san AE+. Rinne níos mó ná 380 000 Siriach iarratas, ar ardú faoi thrí an figiúr sin i gcomparáid leis an mbliain 2014.
- Ba bheag nár tháinig dúbailt ar líon na n-iarratas ó thíortha na mBalcán Thiar sa bhliain 2015, ar ionann an figiúr sin agus 201 405 iarrthóir, a fhormhór ag teacht ón gCosaiv nó ón Albáin.
- Bhí an Afganastáin ar cheann de na príomhthíortha tionscnaimh anuraidh agus tháinig 196 170 iarratasóir ón tír sin (méadú 359%). Is as an Afganastáin freisin a tháinig an sciar is airde leanaí neamhthionlactha ag iarraidh cosanta idirnáisiúnta san AE+ ar an iomlán (25% de na hiarrthóirí go léir as an Afganastáin).
- Thángthas ar chéad chomhiarracht athshocraithe an AE nuair a rinne 27 mBallstát, agus na Stáit is rannpháirtí i Rialachán Bhaile Átha Cliath, gealltanas 22,504 duine easáitithe ó áiteanna lasmuigh den AE a athshocrú laistigh de dhá bhliain.

## Mórfhorbairtí in 2014




### Clár athlonnaithe

Ó tharla nach bhfacthas riamh an líon iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa bhliain 2015, aontaíodh clár athlonnaithe chun tacú leis na Ballstáit 'túslíne' – an Iodáil agus an Ghréig – a raibh brú nach beag orthu. Tar éis don Choimisiún togra a dhéanamh i mBealtaine 2015, ghlac an Chomhairle le dhá chinneadh lenar bunaíodh meicníocht athlonnaithe shealadach eisceachtúil do 160 000 iarrthóir ón nGréig agus ón Iodáil ar léir go raibh cosaint idirnáisiúnta ag teastáil uathu, agus a bhí le cur chun feidhme thar tréimhse dhá bhliain go dtí Meán Fómhair 2017.

### Leanaí neamhthionlactha

Rinne 95 985 mionaoiseach neamhthionlactha iarratas sa bhliain 2015 ar chosaint idirnáisiúnta san AE+ – beagnach ceithre oiread an líon a bhfacthas an bhliain roimhe sin. Bhí an méadú is suntasaí le feiceáil sna ceithre phríomhthír ghlactha: an tSualainn, an Ghearmáin, an Ungáir agus an Ostair. Is do na tíortha sin trí chéile a rinneadh 70% de na hiarratais uile ar thearmann ó leanaí neamhthionlactha. Bhí dúshláin nach beag i gceist leis an líon mór iarrthóirí a tháinig isteach agus iad ag dearbhú gur mionaoisigh iad, ó thaobh a n-aois a mheas i gceart agus gan caomhnóirí a bheith tugtha dóibh, nó moill a bheith air sin.

### Áiseanna glactha

D'fhág an t-ardú ar líon na n-iarratas ar thearmann sa bhliain 2015 go raibh easpa lóistín i gcuid mhór Ballstát, go háirithe le linn an tsamhraidh. Bhí ar roinnt Ballstát a n-acmhainn fáiltithe a mhéadú faoi dhó nó faoi thrí, ar léiriú é sin ar an ngá le tuilleadh solúbthachta maidir le háiseanna. I measc na mbeart ar glacadh leo mar fhreagairt ar na dúshláin sin, cuireadh lóistín breise buan agus sealadach/éigeandála ar fáil, cuireadh ionaid ghlactha tosaigh nua ar bun, agus bunaíodh comhar níos dlúithe leis na Ballstáit chomharsan.

### Tacaíocht EASO

Lean EASO ag tabhairt tacaíochta don Ghréig, don Iodáil, don Bhulgáir agus don Chipir an bhliain seo caite. Ó Mheán Fómhair 2015 i leith, tá tacaíocht tugtha ag EASO do chlár athshocraithe an AE ón Iodáil agus ón nGréig chuig tíortha eile den AE ar bhonn Pleananna Oibriúcháin Athlonnaithe Teophointe a shíníodh leis an dá Bhallstát sin, trí shaineolaithe a chur ar fáil, lena n-áirítear foirne móibíleacha agus trí shraith uirlisí a fhorbairt chun cabhrú leis na céimeanna éagsúla athshocraithe (bileoga eolais, faisnéis réamhimeachta, clárú, próiseas meaitseála, uirlis chun cásanna leochaileacha a aithint).

### Córais náisiúnta tearmainn a fhorbairt

Ós rud é gur sáraíodh an spriocdháta do thrashuí an *acquis* tearmainn athmhúnlaithe in 2015, rinne roinnt Ballstát athruithe ar dhlí a gcóras náisiúnta tearmainn. Ag an am céanna, thionscain an líon mór iarrthóirí a tháinig isteach i roinnt tíortha an AE+ meicníochtaí éigeandála chun teorainneacha a bhainistiú, mar aon le

bearta chun cásanna a chlárú agus a phróiseáil go mear, agus athbhreithniú ar úsáid nósanna imeachta speisialta.

## Faisnéis agus cúnamh dlíthiúil

Rinneadh roinnt athruithe ar an dlí i dtíortha an AE+ sa bhliain 2015 a chuir le méid na faisnéise agus an chúnaimh dhlíthiúil a thugtar d'iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Bhí sé sin ina dhúshlán i gcónaí i rith na bliana 2015, go háirithe i bhfianaise an éilimh mhéadaithe a bhí ann, agus méid na n-acmhainní speisialaithe, ar minic nach raibh a ndóthain acu ann.

## Straitéis don todhchaí

Ar aon dul leis an togra a mhol an Coimisiún do Ghníomhaireacht Tearmainn an Aontais Eorpaigh, tá EASO ag teannadh le céim nua dá fhorbairt, agus é ag dul i dtreo freagrachtaí nua breisithe agus sainordú nua, anuas ar an obair atá déanta aige go dtí seo.

**Gabh chuig https://www.easo.europa.eu/information-analysis/annual-report le do thoil chun féachaint ar an tuarascáil iomlán.**